Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Lúnasa 2022**
**(OR. en)**

**11860/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0243(NLE)**

**POLCOM 95**
**AGRI 374**
**COASI 125**
**PI 100**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Lúnasa 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 402 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste um Thásca Geografacha a bunaíodh faoin gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Daon-Phoblacht na Síne maidir le Tásca Geografacha a chosaint |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 402 final.

Faoi iamh: COM(2022) 402 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.8.2022
COM(2022) 402 final

2022/0243 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste um Thásca Geografacha a bunaíodh faoin gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Daon-Phoblacht na Síne maidir le Tásca Geografacha a chosaint**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann Aontais sa Chomhchoiste um Thásca Geografacha a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le comhar i dtaca le tásca geografacha agus iad a chosaint i ndáil rialacha nós imeachta an Chomhchoiste um Thásca Geografacha a bhfuil sé beartaithe iad a ghlacadh.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le comhar i dtaca le tásca geografacha agus iad a chosaint

Tá sé d'aidhm ag an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le comhar i dtaca le tásca geografacha agus iad a chosaint ('an Comhaontú') an leibhéal cosanta is airde a bhaint amach le haghaidh tásca geografacha a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe agus ionstraimí a sholáthar chun cur in aghaidh cleachtais mheabhlacha agus úsáid éagórach na dtásc geografach. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Márta 2021.

### 2.2. An Comhchoiste um Thásca Geografacha

Bunaítear an Comhchoiste um Thásca Geografacha le hAirteagal 10 den Chomhaontú. Tá sé le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme chosaint na dtásc geografach ar de thionscnamh an Aontais agus Dhaon-Phoblacht na Síne iad agus le dlús a chur leis an gcomhar agus leis an idirphlé maidir le tásca geografacha.

Is é atá sa Chomhchoiste um Thásca Geografacha ionadaithe de chuid an Aontais Eorpaigh agus Dhaon-Phoblacht na Síne. Tiocfaidh sé le chéile ar a laghad uair sa bhliain nó ag aon am arna chomhaontú sin ag na Páirtithe, ar bhonn idirmhalartach san Aontas Eorpach agus i nDaon-Phoblacht na Síne, ag am agus i láthair agus ar bhealach (a bhféadfadh físchomhdháil a bheith san áireamh ann) arna gcinneadh sin ag an dá Pháirtí, ach tráth nach déanaí ná 90 lá tar éis na hiarrata. Glacfaidh an Comhchoiste um Thásca Geografacha a chinntí de chomhthoil agus cinnfidh sé a rialacha nós imeachta féin.

Tá an Comhchoiste um Thásca Geografacha freagrach as Iarscríbhinn I a leasú a mhéid a bhaineann leis na tagairtí don dlí is infheidhme maidir leis na Páirtithe, as Iarscríbhinní eile a ghabhann leis an gComhaontú a leasú, as faisnéis a mhalartú maidir le forbairtí reachtacha agus beartais a mhéid a bhaineann le tásca geografacha agus aon ábhar comhleasa eile i réimse na dtásc geografach, agus as faisnéis a mhalartú maidir le tásca geografacha chun a gcumhdach a chur san áireamh i gcomhréir leis an gComhaontú.

### 2.3. Gníomh beartaithe an Chomhchoiste um Thásca Geografacha

Tá an Comhchoiste um Thásca Geografacha le cinneadh a ghlacadh faoina rialacha nós imeachta féin.

Is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe na rialacha nós imeachta lena rialaítear feidhmiú an Chomhchoiste um Thásca Geografacha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10.2 den Chomhaontú.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ba cheart a fhágáil gur féidir rialacha nós imeachta an Chomhchoiste um Thásca Geografacha a ghlacadh.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí nós imeachta

*4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagfar síos '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Áirítear leis an gcoincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Áirítear freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[1].

*4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é an Comhchoiste um Thásca Geografacha a bunaíodh le comhaontú, is é sin an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le comhar i dtaca le tásca geografacha agus iad a chosaint.

Gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla aige is é atá sa ghníomh a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo toisc go dtugtar le hAirteagal 10 den Chomhaontú de chumhacht don Chomhchoiste um Thásca Geografacha cinntí a ghlacadh atá ceangailteach ar na páirtithe.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Chomhaontaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) de CFAE an bunús dlí nós imeachta le haghaidh an chinnidh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús substaintiúil dlí

*4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach le haghaidh cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm theagmhasach nó mar chomhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi

[1] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64

Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, eadhon an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

*4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhbheartas tráchtála.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 207 CFAE an bunús dlí substainteach leis an gcinneadh atá beartaithe.

**4.3. Conclúid**

Ba cheart Airteagal 207 CFAE a bheith ina bhunús dlí don chinneadh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

2022/0243 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste um Thásca Geografacha a bunaíodh faoin gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Daon-Phoblacht na Síne maidir le Tásca Geografacha a chosaint

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le comhar i dtaca le tásca geografacha agus iad a chosaint ('an Comhaontú'), thug an tAontas i gcrích é le Cinneadh (AE) 2020/1832 ón gComhairle[1] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Márta 2021.

(2) De bhun Airteagal 10 den Chomhaontú, féadfaidh an Comhchoiste um Thásca Geografacha a rialacha nós imeachta féin a chinneadh.

(3) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste um Thásca Geografacha a leagan síos a mhéid a bhaineann lena rialacha nós imeachta, ós rud é go mbeidh na rialacha sin ceangailteach ar an Aontas.

(4) Chun cur chun feidhme éifeachtach an Chomhaontaithe a áirithiú, ba cheart rialacha nós imeachta an Chomhchoiste um Thásca Geografacha a ghlacadh.

(5) Ba cheart seasamh an Aontais laistigh den Chomhchoiste um Thásca Geografacha a bheith bunaithe ar na dréacht-rialacha nós imeachta atá i gceangal leis an gCinneadh seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh den Chomhchoiste um Thásca Geografacha a mhéid a bhaineann lena rialacha nós imeachta a ghlacadh, beidh sé bunaithe ar an dréachtghníomh ón gComhchoiste um Thásca Geografacha atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

[1] IO L 408I, 4.12.2020, lch. 1.

*Airteagal 2*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*